Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9974/26**

**CORDROGUE 72**
**SAN 373**
**COSI 90**
**RELEX 756**
**UD 164**
***EUROPOL***
***EUDA***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Meitheamh 2026 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh go comhpháirteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh go comhpháirteach, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4179ú cruinniú a bhí aici an 4 Meitheamh 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh go comhpháirteach**

Mar fhreagairt ar na dúshláin mhéadaitheacha sláinte, slándála agus shochaíocha a ghabhann le húsáid drugaí, dochar a bhaineann le drugaí agus gáinneáil ar dhrugaí, d'fhormhuinigh an Chomhairle Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh[1], agus na gnéithe ar cuireadh béim orthu sna conclúidí ón gComhairle a formheasadh i mí an Mhárta 2026 á gcur san áireamh. Bunaithe ar fhianaise, glactar cur chuige uile-rialtais agus uile-shochaí sa Straitéis. Leis an Straitéis féachtar le cothromaíocht a bhaint amach idir laghdú soláthair, laghdú éilimh agus laghdú dochair, agus sineirgí á n-uasmhéadú agus comhsheasmhacht á cur chun cinn ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta agus idir na leibhéil sin, agus lánurraim á tabhairt do luachanna an Aontais, don dlí idirnáisiúnta agus do chearta an duine.

## I. Braitheann beartas éifeachtach ar chur chun feidhme éifeachtach

Is é atá sna conclúidí seo ón gComhairle creat cur chun feidhme an Aontais maidir le drugaí (dá ngairtear 'an cur chun feidhme' anseo feasta). Leis an gcreat sin déantar gealltanais agus gníomhaíochtaí nithiúla de thosaíochtaí na Straitéise agus comhlánaítear iad, agus déantar gach ceann de na cúig cholún a chur i ngníomh: (1) ullmhacht agus freagairt a fheabhsú; (2) an tsláinte phoiblí a chosaint; (3) an tslándáil a fheabhsú agus an tsochaí a chosaint; (4) aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus ar dhochar; (5) comhpháirtíochtaí láidre a thógáil.

Beidh an cur chun feidhme ina threoir d'obair chomhchoiteann an Aontais sna blianta amach romhainn. Déanfar an méid sin tríd an mbearna a dhúnadh idir an leibhéal polaitiúil, an leibhéal straitéiseach, an leibhéal beartais agus an leibhéal oibríochtúil, agus trí pháirt a thabhairt d'earnálacha a chuimsíonn an tsláinte, forfheidhmiú an dlí, an ceartas, an t-oideachas, gnóthaí sóisialta, an comhar um fhorbairt agus an comhshaol chomh maith le gníomhaithe éagsúla, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, an saol acadúil agus gníomhaithe príobháideacha, tá an méid sin ceaptha chun éifeacht charnach a ghiniúint ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus béim leanúnach á leagan ar thionchar fianaisebhunaithe, intomhaiste agus iarbhír. Cuireann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an comhar agus comhordú éifeachtach bunaithe ar Straitéis Drugaí an Aontais agus ar an gcur chun feidhme, laistigh d'institiúidí agus comhlachtaí an Aontais agus eatarthu, i ngach réimse a bhaineann leis an mbeartas drugaí.

[1] 7066/26 & 15573/25

Chun a áirithiú go mbainfear amach na tosaíochtaí, le cur chun feidhme na Straitéise, i gcás inar gá, déanfar an fhorbairt ar bhearta nua a chothú chun freagairt ar riachtanais agus dúshláin atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo. Ba cheart an méid sin a dhéanamh ar bhealach praiticiúil, fianaisebhunaithe agus dírithe ar thorthaí, agus an úsáid is fearr á baint as na sásraí, na huirlisí agus na próisis atá ann cheana.

Úsáidfear trí phríomh-chomhpháirt sa Chur Chun Feidhme: – maidir leis an gcolún slándála, (1) Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac[2] agus tosaíochtaí EMPACT maidir leis an ngáinneáil ar dhrugaí, lena n-áirithítear sineirgí eatarthu, a d'fhéadfaí a chomhlánú le snáitheanna oibre spriocdhírithe breise; – maidir leis na colúin uile, (2) na sásraí, na huirlisí agus na próisis atá ann cheana a ghiaráil a mhéid is féidir; – agus i réimsí an laghdaithe ar éileamh agus an laghdaithe riosca agus dochair, (3) tionscadail chomhair nuálacha a fhorbairt lena gcuirfear comhar chun cinn idir na Ballstáit, gníomhaireachtaí an Aontais agus gníomhaithe ábhartha eile maidir le hábhair leasa fhrithpháirtigh agus lena dtabharfar aghaidh ar bhearnaí cur chun feidhme.

Leagtar amach cur i ngníomh na gcomhpháirteanna sin san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis na conclúidí seo ón gComhairle.

## II. Ní féidir glacadh leis go mbeidh an beartas éifeachtach; ní mór é a thomhas agus a athbhreithniú i gcás inar gá

Ba cheart faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an chur chun feidhme le himeacht ama le gur féidir athbhreithniú fianaisebhunaithe agus ceartú cúrsa a dhéanamh más gá.

Iarrtar ar Ghníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA) na táscairí atá aici cheana a mhapáil ar chuspóirí na Straitéise, agus a mheas an bhféadfadh gá a bheith le táscairí breise chun cuidiú le faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

---

[2] 16353/25

Leis an bhfaireachán sin ar an gcur chun feidhme, ba cheart an t-ualach breise ar na Ballstáit a íoslaghdú trí úsáid níos fearr a bhaint as sonraí atá bailithe cheana féin, á aithint ag an am céanna go bhfuil gá le hionchur leordhóthanach sonraí ó na Ballstáit chun faireachán éifeachtach a dhéanamh.

Ba cheart don Choimisiún, agus aird á tabhairt aige ar fhaisnéis, sonraí agus anailís arna soláthar ag na Ballstáit agus ag SEGS, agus ar fhaisnéis, sonraí agus anailís atá ar fáil ó EUDA, ó Europol agus ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile de chuid an Aontais, agus ón tsochaí shibhialta, ó mheithleacha machnaimh agus ón saol acadúil, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Chreat Straitéiseach an Aontais maidir le Drugaí. Tá an dlúthchomhar agus an comhordú bunriachtanach sa réimse seo, i bhfianaise na n-inniúlachtaí atá fite fuaite ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Chun an comhordú a éascú agus aon obair leantach ar bheartais is gá a cheadú, lena n-áirítear faireachán, ba cheart don Choimisiún dul i ndlúthchomhar leis an Uachtaránacht ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus leis an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí ina cáil mar chomhlacht ullmhúcháin na Comhairle atá i gceannas ar an mbeartas drugaí. Éascóidh an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí comhroinnt faisnéise maidir le cur chun feidhme thosaíochtaí straitéiseacha na Straitéise ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis na tionscadail chomhair, déanfar an méid sin agus faisnéis arna soláthar ag na Ballstáit, ag na gníomhaireachtaí agus ag páirtithe leasmhara eile atá rannpháirteach sna tionscadail lena mbaineann á cur san áireamh. Cuirfear nuashonruithe agus plé maidir le cur chun feidhme na Straitéise san áireamh go rialta ar chlár oibre na Meithle Cothrománaí um Dhrugaí, d’ainneoin aon phlé ábhartha i gcomhlachtaí ullmhúcháin eile de chuid na Comhairle.

Ba cheart an t-athbhreithniú ar an gcur chun feidhme a áireamh sa tuarascáil fhoriomlán ar Straitéis Drugaí an Aontais, a bhfuiltear ag súil léi faoi dheireadh 2032, agus ba cheart léargais ón bpróiseas faireacháin agus ó na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme na dtionscadal comhair a chur san áireamh ann.

## 1. Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac

Formhuiníonn an Chomhairle Plean Gníomhaíochta an Aontais um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac, agus na gnéithe seo a leanas á gcur san áireamh. Tá an formhuiniú sin gan dochar do na gníomhaíochtaí nó do na próisis a fhorbraítear i réimsí gaolmhara agus do róil, freagrachtaí agus sainorduithe na bpáirtithe leasmhara éagsúla. Leis an gcur chun feidhme urramófar freisin sainorduithe ghníomhaireachtaí an Aontais agus ní dhéanfar réamhbhreith ar aon phlé a dhéanfar amach anseo maidir leis an athbhreithniú ar a sainorduithe. Is dlúthchuid den chur chun feidhme é an Plean Gníomhaíochta um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac. Aithníonn an Chomhairle an bhéim láidir a chuirtear ann ar an gcomhar oibríochtúil agus ar cháilíocht agus ábharthacht na ngníomhaíochtaí a shainaithnítear ann.

Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta na príomhghníomhaíochtaí is gá ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta ó 2026 go 2030. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur aithin na Ballstáit cheana féin, le linn an réamhscrúdaithe ar an bPlean Gníomhaíochta, gur cheart, agus aghaidh á tabhairt ar an ngáinneáil ar dhrugaí, béim a chur, *inter alia*, ar: an cur chuige ‘lean an t-airgead’ a neartú; an ghné mhuirí a fheabhsú le cabhair ó Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach agus trí oibríochtaí an Lárionaid Anailíse agus Oibríochtaí Muirí (Támhshuanaigh) (MAOC-N) a threisiú agus a leathnú, agus urraim chuí á tabhairt dá shainordú agus dá fheidhmiú, agus do róil agus freagrachtaí a chomhaltaí; comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a dhoimhniú, go háirithe le soláthraithe seirbhíse poist agus beartán; an comhar le cuideachtaí teicneolaíochta a threisiú chun earcaíocht ar líne a chosc, go háirithe i gcás mionaoiseach, lena n-áirítear trí uirlisí braith feabhsaithe; agus feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe an dlí, lena n-áirítear údaráis chustaim, agus na húdaráis bhreithiúnacha. Ba cheart aird bhreise a thabhairt freisin ar dhúshláin oibríochtúla atá ag teacht chun cinn, ar nós mí-úsáid soithí ardluais agus úsáid árthaí intumtha agus leath-intumtha, chomh maith le malartú dea-chleachtas a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le saoráidí táirgthe drugaí aindleathacha a dhíchóimeáil.

Aithníonn an Chomhairle go gcuirfear Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac chun feidhme go páirteach, *inter alia*, trí ghníomhaíochtaí oibríochtúla arna bhforbairt laistigh den Ardán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla (EMPACT), agus nach mór comhleanúnachas frithpháirteach a áirithiú. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún rannchuidiú, laistigh dá shainchúram, leis an gcomhleanúnachas sin trí thosaíochtaí, spreagthaí agus ceannairí gníomhaíochta EMPACT a léiriú i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta a mhéid is féidir, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna do thorthaí Mheasúnú an Aontais ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe (EU-SOCTA) a d'fhorbair Europol mar an príomhbhonn chun gníomhaíochtaí oibríochtúla a shocrú. Ina theannta sin, molann an Chomhairle don Choimisiún a iarraidh ar líonraí agus grúpaí saineolaithe ábhartha de chuid an Aontais arna gcistiú ag an gCoimisiún gealltanas a bheith rannpháirteach (lena n-áirítear mar cheannaire nó mar chomhcheannaire ar ghníomhaíochtaí sonracha) i ngníomhaíochtaí EMPACT a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta a léiriú ina gcláir oibre, agus ar an gcaoi sin EMPACT a threisiú agus tacú le seachadadh a Phleananna Gníomhaíochta Oibriúcháin.

Leagann an Chomhairle béim ar neamh-uileghabhálacht an Phlean Gníomhaíochta agus leagann sí béim ar leith ar ábharthacht na dtionscnamh a bhaineann leis an tslándáil a dhéantar ar leibhéal na mBallstát nó ar leibhéal an Aontais. Féadfar an Plean Gníomhaíochta a chomhlánú le sraitheanna oibre spriocdhírithe breise mar a shainaithníonn institiúidí, comhlachtaí, gníomhaireachtaí agus Ballstáit an Aontais iad, agus forbairtí agus measúnuithe breise á gcur san áireamh, lean n-áirítear torthaí an 11ú babhta de mheastóireachtaí frithpháirteacha agus ionchur Eurojust maidir leis an ngné bhreithiúnach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar imscrúduithe coiriúla neartaithe agus comhordaithe ar bhonn idirnáisiúnta chun coireacht eagraithe drugaí a lagú go héifeachtach trí ordlathais choiriúla, sreabha airgeadais, bealaí lóistíochta agus eagraíochtaí coiriúla gaolmhara a shainaithint.

Ba cheart don Choimisiún, agus faisnéis curtha ar fáil ag na Ballstáit agus ag SEGS, agus faisnéis atá ar fáil ó EUDA, ó Europol, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) agus ó ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais á cur san áireamh, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí comhlántacha, agus tuairisciú rialta a dhéanamh don Chomhairle sa Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí. Tacóidh comhlachtaí ullmhúcháin ábhartha eile sa Chomhairle le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta i gcás inarb ábhartha, go háirithe an Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI), a mhéid a bhaineann le gnéithe den chomhar oibríochtúil atá nasctha le cur chun feidhme thosaíochtaí EMPACT maidir le gáinneáil ar dhrugaí go háirithe, an Coiste Comhordúcháin i réimse an chomhair póilíneachta agus bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (CATS), an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí, an Mheitheal um Chomhar in Ábhair Choiriúla (COPEN) agus an Mheitheal um an Aontas Custaim (CUG). Ba cheart go mbeadh solúbthacht leordhóthanach sa chreat chun riachtanais a bheidh ann amach anseo a léiriú agus chun cuireadh a thabhairt do ghníomhaithe rannchuidiú i gcás ina meastar gur gá sin.

Chun tacaíocht chomhordaithe agus leanúnach a áirithiú do chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um an nGáinneáil ar Dhrugaí a Chomhrac, iarrtar ar Uachtaránachtaí comhleanúnacha na Comhairle, le tacaíocht ó Ardrúnaíocht na Comhairle, aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí a tarraingíodh ón bPlean Gníomhaíochta, i gcomhar leis an gCoimisiún agus, i gcás inarb ábhartha, le SEGS agus le Gníomhaireachtaí an Aontais lena mbaineann, agus na sraitheanna oibre spriocdhírithe breise nó na gníomhaíochtaí comhlántacha arna sainaithint ag na Ballstáit á gcur san áireamh.

**2. Sásraí, uirlisí agus próisis atá ann cheana a úsáid**

Sna réimsí a dtugtar aghaidh orthu sna colúin uile, ba cheart leas a bhaint as sineirgí trí úsáid a bhaint as na sásraí, na huirlisí agus na próisis atá ann cheana. Iarrtar ar institiúidí an Aontais agus ar ghníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha a ngníomhaíochtaí a bhaineann le cur chun feidhme Straitéis Drugaí an Aontais a chomhordú, lena n-áiritheofar comhlántachtaí agus i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach. I gcás inar féidir, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sásraí, na huirlisí agus na próisis atá ann cheana comhsheasmhach leis na tosaíochtaí a leagtar amach sa Straitéis.

I gcás inarb ábhartha agus bunaithe ar na tosaíochtaí a leag Uachtaránachtaí comhleanúnacha na Comhairle síos, spreagfar institiúidí eile de chuid an Aontais agus gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha eile tuairisciú go rialta don Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí maidir lena rannchuidiú faoi seach le cur chun feidhme na Straitéise. Ar an gcaoi chéanna, moltar do na Ballstáit aird na Meithle Cothrománaí um Dhrugaí a tharraingt ar a bhforbairtí náisiúnta a bhaineann le cur chun feidhme na Straitéise. Moltar don Choimisiún, do SEGS, do ghníomhaireachtaí an Aontais agus do na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil don Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí maidir le gníomhaíochtaí eagraíochtaí nó tionscnamh idirnáisiúnta agus réigiúnach eile atá ábhartha do chur chun feidhme na Straitéise.

Leis sin, beidh forléargas ag an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí ar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcur chun feidhme, lena n-áirítear réimsí na sláinte, an chomhair bhreithiúnaigh, na ngnóthaí baile agus an chomhair idirnáisiúnta, ach gan a bheith teoranta dóibh, chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad agus chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí, forluí nó neamhréireachtaí a d’fhéadfadh cur isteach ar éifeachtúlacht nó ar chur i gcrích Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh.

## 3. Tionscadail Chomhair

Ba cheart go mbeadh na Tionscadail Chomhair ina n-uirlis oibríochtúil chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin de Straitéis Drugaí an Aontais a bhainfeadh tairbhe as rannpháirtíocht neartaithe ar gach leibhéal (an leibhéal áitiúil, an leibhéal náisiúnta agus leibhéal an Aontais), chomh maith leis na sásraí, na struchtúir agus na huirlisí atá ann cheana i réimse an laghdaithe ar éileamh agus an laghdaithe riosca agus díobhála. Léirítear leis an gcur chuige tionscadalbhunaithe an gá atá le cur chun feidhme a neartú sna réimsí sin, lena n-éascaítear sineirgí idir gníomhaíochtaí a dhéantar ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal áitiúil. Ba cheart do na Tionscadail Chomhair na sásraí, na struchtúir agus na huirlisí atá ann cheana a chomhlánú. Dá bhrí sin, tá sé i gceist leis na Tionscadail Chomhair aghaidh a thabhairt ar cholúin agus ar thosaíochtaí na Straitéise nach gcumhdaítear le Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh um an ngáinneáil ar dhrugaí a chomhrac agus le tosaíochtaí EMPACT maidir le gáinneáil ar dhrugaí, agus aithnítear ag an am céanna go bhfuil siad chomh tábhachtach céanna chun Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme go héifeachtach agus go cothrom.

Déanfaidh na Ballstáit an mhodheolaíocht, chomh maith leis na hábhair do na Tionscadail Chomhair, a phlé agus a chomhaontú agus iad ag teacht le chéile sa Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí.

Beidh ceannaireacht ó Bhallstát agus rannpháirtíocht i dTionscadail Chomhair deonach, rud a áiritheoidh go leanfaidh an creat cur chun feidhme de bheith freagrúil do riachtanais náisiúnta agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn. Iarrtar ar ghníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe EUDA, rannchuidiú leis na Tionscadail Chomhair freisin i gcás inarb ábhartha. Ina theannta sin, agus i gcás inarb ábhartha, ba cheart rannpháirtíocht gníomhaithe eile, lena n-áirítear an saol acadúil, saotharlanna agus eintitis speisialaithe eile, eagraíochtaí idirnáisiúnta nó réigiúnacha, agus an tsochaí shibhialta a éascú.

Ba cheart do na rannpháirtithe faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na dTionscadal Comhair, le cúnamh ó EUDA, laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil do EUDA. Tabharfaidh Uachtaránacht na Comhairle a bheidh ina cathaoirleach ar an Meitheal Chothrománach um Dhrugaí, le tacaíocht ó Ardrúnaíocht na Comhairle, forléargas ar na tionscadail agus ar an dul chun cinn atá déanta acu. Mar chuid d'fhorbairt gach Tionscadail Comhair, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh ar mhaithe le measúnú bonnlíne a bhaineann le cur chun feidhme agus forbairt táscairí feidhmíochta i gcás inarb ábhartha ag na Ballstáit rannpháirteacha, le tacaíocht ó EUDA.

Go dtí seo agus roimh sheoladh na céime píolótaí, tá tionscnamh molta cheana féin ag Ballstát, an Fhrainc, le haghaidh Tionscadal Comhair chun taighde Eorpach ar neamhoird úsáide sícispreagthacha a chothú[3].

Féadfar tacú le cur chun feidhme na dTionscadal Comhair trí chistiú náisiúnta, ó na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, in éineacht le foinsí cistiúcháin an Aontais amhail EU4Health, CSE+ agus Fís Eorpach, i gcás inarb infheidhme agus i gcomhréir le tosaíochtaí níos leithne an Aontais. Gan teacht roimh chaibidlíocht maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) eile, ós rud é go dtéann cur chun feidhme na dTionscadal Comhair tar éis 2028, d'fhéadfaí deiseanna cistiúcháin a fhiosrú mar chuid den chéad CAI eile. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún cúnamh teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit atá rannpháirteach i dTionscadail Chomhair chun rochtain a fháil ar fhoinsí cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais, i gcás inar féidir agus inarb ábhartha.

---

[3] Is é is aidhm don tionscnamh an t-eolas atá ann cheana agus na staidéir leanúnacha i réimse na cóireála do neamhoird úsáide sícispreagthacha a roinnt; plé a dhéanamh ar conas acmhainní a chomhthiomsú, ar an bhféidearthacht cohóirt mhórscála a fhorbairt, ar chomhchuibhiú prótacal, agus ar tháirgeadh sonraí inchomparáide agus carnacha; agus féachaint ar theagmhálacha leis an tionscal cógaisíochta chun dlús a chur le forbairt agus meastóireacht cóireálacha éifeachtacha.

Féadfaidh EUDA tacaíocht a sholáthar do Thionscadail Chomhair, go háirithe i réimsí na hanailíse eolaíche, na forbartha modheolaíochta, an fhaireacháin agus scaipeadh na dtorthaí, i gcás ina bhfuil sé sin comhoiriúnach lena shainordú, lena chlársceidealú agus leis na hacmhainní atá ar fáil. Maidir le tionscadail lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl lasmuigh den Aontas nó i gcomhar le tríú tíortha, beidh Toscaireachtaí ábhartha an Aontais rannpháirteach go cuí.

Tosóidh céim phíolótach na dTionscadal Comhair sa dara seimeastar de 2026 ar feadh tréimhse 18 mí. Má táthar chun leanúint leis an gcur chuige tionscadalbhunaithe agus é a fhorbairt a thuilleadh, beidh sin ag brath ar mheasúnú ar a bhreisluach arna dhéanamh ag na Ballstáit ag teacht le chéile dóibh sa Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí.